



MIONTUAIRISCÍ

Cruinniú an 11 Eanáir 2024

AN BHRUISÉIL

Cuireadh tús leis an gcrúinniú ar 9:07 Déardaoin, an 11 Eanáir 2024, agus ba í Irene Tinagli, an Cathaoirleach, a bhí sa chathaoir.

1. Glacadh an chláir oibre

Cinneadh: Glacadh an dréachtchlár oibre san fhoirm a léirítear sna miontuairiscí seo.

2. Glacadh na miontuairiscí

- 27-28 Samhain 2023

PV – PE757.294v01-00

Cinneadh: Formheasadh na miontuairiscí.

3. Idirphlé Eacnamaíoch agus malartú tuairimí maidir le Pacáiste Fioscach an Fhómhair de Sheimeastar Eorpach 2024 le:

Valdis Dombrovskis, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Gheilleagar a Fhóireann do Dhaoine agus

- Paolo Gentiloni, an Coimisinéir um an nGeilleagar

ECON/9/05425

Labhair na daoine seo a leanas: Irene Tinagli, Valdis Dombrovskis, Paolo Gentiloni, Markus Ferber, René Repasi, Georgios Kyrtos, Michiel Hoogeveen, Dimitrios Papadimoulis, Enikő Győri, Margarida Marques.

4. Cathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB) a cheapadh

ECON/9/13792

2023/0815(NLE) N9-0098/2023 – C9-0433/2023

Freagrach:

ECON

- Malartú tuairimí le Alfred Camilleri, iarrthóir molta ag an gComhairle don phost seo

Labhair na daoine seo a leanas: Irene Tinagli, Alfred Camilleri Markus Ferber, Alfred Sant.

5. Cathaoirleach ar an mBord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (ESGAB) a cheapadh

ECON/9/13792

2023/0815(NLE) N9-0098/2023 – C9-0433/2023

Freagrach:

ECON

Cinneadh: D'fhormheas an Coiste ceapachán Alfred Camilleri mar Chathaoirleach ESGAB le 25 vóta i bhfabhar, 1 vóta i gcoinne agus 7 staonadh.

6. Leasú a dhéanamh ar Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe

ECON/9/11818

***I 2023/0113(COD) COM(2023)0229 – C9-0134/2023

Rapóirtéir:

Jonás Fernández (S&D)

Freagrach:

ECON

Tuairimí:

BUDG, JURI

- Vótáil ar an gcomhaontú sealadach ag eascairt as caibidlíocht idirinstiúideach (le deimhniú)

Cinneadh: Glactha.: 29 vóta i bhfabhar, 3 vóta i gcoinne, agus 4 staonadh

7. Leasú a dhéanamh ar Threoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a ghlacadh le haghaidh earnálacha áirithe agus le haghaidh gnóthais tríú tír áirithe

ECON/9/13509

***I 2023/0368(COD) COM(2023)0596 – C9-0386/2023

Rapóirtéir don tuairim:

Jessica Polfjård (PPE)

PA – PE757.192v01-00

AM – PE757.858v01-00

Freagrach:

JURI – Axel Voss (PPE)

PR – PE757.140v01-00

AM – PE757.854v01-00

Tuairimí:

AFET, DEVE, ECON

- Glacadh na dréacht-tuairime

Cinneadh: Glacadh an dréacht-tuairim.: 19 vóta i bhfabhar, 5 vóta i gcoinne, agus 12 staonadh

- Sprioc-am chun leasuithe a chur síos: **15 Nollaig 2023, 10:00**

8. Fógraí an Chathaoirligh

1. Saoráidí ateangaireachta

Rinne an Cathaoirleach fógra gairid maidir leis na saoráidí ateangaireachta a bhí ar fáil don chruinniú.

2. Cruinniú na gComhordaitheoirí an 29 Samhain 2023 - Achoimre ar chinntí agus ar mholtaí

1. Ainmniúcháin

1. Gníomhaíochtaí Airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta - tuarascáil bhliantúil 2023... ***Gan tuairim a thabhairt***
2. Buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025 - na ranna uile... ***Gan tuairim a thabhairt***
3. Leasú a dhéanamh ar Threoir 92/106/CEE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta um iompar idirmhódúil earraí agus Rialachán (AE) 2020/1056 ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint... ***Gan tuairim a thabhairt***
4. An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar a bhunú... ***Gan tuairim a thabhairt***
5. Treoirlínte do Bhuiséad 2025 - Roinn III... ***Gan tuairim a thabhairt***

2. Cód Iompair do na Feisirí: Lorg reachtach; coinbhleachtaí leasa

Thug na Comhordaitheoirí dá n-aire na ceanglais a eascraíonn as na Rialacha Nós Imeachta leasaithe maidir le 1. an “*lorg reachtach*” éigeantach ag an Rapóirtéir i dtuarascálacha deiridh agus i dtuairimí deiridh agus 2. oibleagáidí na bhFeisirí i ndáil le coinbhleachtaí leasa. Chuir an Cathaoirleach i gcuimhne do na Comhordaitheoirí go háirithe gur gá a áirithiú go dtarchuirfidh comhairleoirí a ngrúpaí polaitiúla chuig an

Rúnaíocht - agus ainmneacha na Rapóirtéirí/na Scáthrapóirtéirí/na rannpháirtithe i misin ECON á gcur in iúl - an ríomhfhóirm ‘Dearbhú maidir le feasacht ar choinbhleachtaí leasa’ arna chur i gcrích ag Rapóirtéirí agus Scáthrapóirtéirí chomh maith le rannpháirtithe i misin ECON amach anseo.

3. Rialachas eacnamaíoch

Seachtain Pharlaiminteach Eorpach 2024: Chomhaontaigh na comhordaitheoirí go mbeadh ‘Euro@25: cad é an chéad chéim eile don Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta?’ mar ábhar ag ECON ICM.

4. Grinnscrúdú ar ghníomhartha tarmligthe

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí sliotán grinnscrúdaithe a sceidealú leis an gCoimisiún maidir leis an gcaighdeán teicniúil rialála a bhaineann leis an athbhreithniú ar ‘Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088’ faoin Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI) agus, más gá, sliotáin ghrinnscrúdaithe a sceidealú maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe eile roimh dheireadh an téarma.

5. Misin agus cuairteanna coiste le linn blianta toghcháin

Comhaontaíodh gur cheart an ‘cuairt’ bhliantúil ar BCE a dhéanamh go luath sa téarma reachtach nua.

6. Togra le haghaidh gníomh Aontais

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí, i gcomhréir le Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A iarraidh ar na húdair a dTogra (B9-0425/2023) a chur i láthair ag cruinniú ECON an 11 Eanáir nó an 22-23 Eanáir 2024, agus 15 nóiméad á chaitheamh ar an tsaincheist;
2. Cinneadh a dhéanamh ag an gcrúinniú a bheidh acu an 24 Eanáir 2024 an gá gníomhaíocht bhreise a dhéanamh;
3. A gconclúidí a chur faoi bhráid chruinniú ECON an 29 Eanáir nó an 14-15 Feabhra 2024 lena bhformheas go foirmiúil.

9. Tuarascáil ar an gcaibidlíocht idirinstiúideach reatha

1. Slabhra Nóiníní: An dara cruinniú tríthaobhach, an 6 Nollaig 2023

An 6 Nollaig 2023, tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach maidir leis an Treoir maidir leis an ‘Slabhra Nóiníní’ lena leasaítear an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc/an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (Rapóirtéir: Jonás Fernández, S&D) agus thángthas ar chomhaontú sealadach. Tugadh sainordú

don Choimisiún agus don fhoireann theicniúil teacht ar réitigh chomhréitigh ar shuíomhanna urchomhaireacha na gcomhreachtóirí maidir le hasbhaintí ionstraimí cistí dílse na n-eintiteas leachtaithe atá i seilbh eintitis idirmheánacha. Ba é an réiteach a cuireadh i láthair don chruinniú tríthaobhach polaitiúil neamh-asbhaint uathoibríoch na ngabháltas sin, amhail i sainordú Pharlaimint na hEorpa, má fhanann siad faoi thairseach ábharthachta áirithe. D'éirigh leis na comhreachtóirí crios tuirlingthe a aimsiú ag tairseach 7 % a ríomhtar mar chéatadán d'acmhainneacht ICDI an eintitis idirmheánaigh. D'fhreastalódh an comhréiteach ar earr-rioscaí; tá an cur chuige comhréireach freisin agus níl ualach mór riaracháin ann de thoradh air. Rachfar i gcomhairle arís leis an gCoiste ECON maidir leis an gcomhaontú sealadach in am trátha (Riail 74(4)).

2. Athbhreithniú ar gcreat Sócmhainneacht II: an cúigiú cruinniú tríthaobhach, an 6 Nollaig agus an séú cruinniú tríthaobhach, an 13 Nollaig 2023

An 6 Samhain 2023, tionóladh an cúigiú Cruinniú tríthaobhach ar an athbhreithniú ar Shócmhainneacht II. Tionóladh na díospóireachtaí maidir leis na nithe seo a leanas: 1) Ráthaíochtaí Fadtéarmacha/Cothromas Fadtéarmach, 2) Inbhuanaitheacht, 3) Comhréireacht, 4) Gníomhaíochtaí trasteorann, 5) Tuairisciú agus Iniúchóireacht, 6) Maoirseacht ar Ghrúpaí, 7) Maoirseacht Macrastuamachta, agus 8) Urrúsú. Glacadh céimeanna incriminteacha i dtreo comhaontú foriomlán.

Ag an séú cruinniú tríthaobhach an 13 Nollaig 2023, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach. Socraíodh Costas an Chaipitil ag 4.75 %, le hathbhreithniú tar éis 5 bliana. I gcás aibíochtaí 40 bliain ar a laghad tar éis an chéad phointe smúdála sa chuar ráta úis saor ó riosca eachtarshuite, beidh ualú an réamhráta deiridh cothrom le 77.5 % ar a laghad. Socraíodh an fachtóir róluaineachta sa choigeartú luaineachta ag 105 % le haghaidh 2 ráithe ar a mhéad. Ardaíodh an coigeartú siméadrach ar an muirear riosca cothromais ó 10 % go 13 %. Maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta, leathnaíodh comhaontú CRD go mór chun árachas a chumhdach. Déanfaidh gnóthais árachais agus athárachais forbairt agus faireachán ar chur chun feidhme pleananna sonracha, spriocanna inchainníochtaithe, agus próiseas chun faireachán a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí airgeadais a thagann chun cinn sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma ó thosca inbhuanaitheachta, lena n-áirítear iad siúd

a eascraíonn as próiseas na dtreochtaí coigeartaithe agus aistrithe, nach mór roinnt gnéithe díobh a nochtadh. Déanfar na heilimintí sin a chinneadh i gcaighdeán teicniúil rialála. Féadfar torthaí na tástála struis aonair a chur ar fáil don phobal. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste arís laistigh de chúpla seachtain. Beidh ar na Ballstáit an treoir a thrasú 24 mhí tar éis a foilsithe.

3. Comhad comhpháirteach ECON-LIBE: ÚSAC, an naoú cruinniú tríthaobhach (7 Nollaig 2023)

An 7 Nollaig 2023, tionóladh an naoú cruinniú tríthaobhach maidir leis an rialachán lena mbunaítear an tÚdarás SAC nua (ÚSAC) (Comhrapóirtéirí: Eva-Maria Poptcheva, Renew, ECON; Emil Radev, PPE, LIBE). Tháinig na comhrechtóirí ar chomhaontú polaitiúil maidir le maoirseacht dhíreach san earnáil airgeadais, i.e. conas eintitis faoi oibleagáid a mheasúnú agus a roghnú san earnáil airgeadais a thioctfaidh faoi mhaoirseacht dhíreach ÚSAC. Tháinig na comhrechtóirí ar chomhaontú polaitiúil freisin maidir leis an gcreat atá le cur i bhfeidhm i leith maoirseacht indéreach san earnáil airgeadais, chun cóineasú maoirseachta san earnáil airgeadais a áirithiú. Bhí baint ag an ábhar eile a pléadh le maoirseacht indéreach san earnáil neamhairgeadais, le rochtain ÚSAC ar fhaisnéis, le cúraimí an Bhoird Riaracháin Athbhreithnithe, agus le saincheisteanna rialachais agus ceapacháin. Níorbh fhéidir na pointí sin a chomhaontú go polaitiúil go fóill. Tionólfar an chéad chruinniú tríthaobhach eile an 12 Nollaig in Strasbourg (maidir le comhaid an Rialacháin SAC agus na Treorach SAC freisin).

4. Comhad comhpháirteach ECON-LIBE: ÚSAC, an deichiú agus an t-aonú cruinniú tríthaobhach déag (12 agus 18 Nollaig 2023)

An 12 agus 18 Nollaig, tionóladh an deichiú agus an t-aonú cruinniú tríthaobhach déag maidir leis an rialachán lena mbunaítear an tÚdarás SAC nua (ÚSAC) (Comhrapóirtéirí: Eva-Maria Poptcheva, Renew, ECON; Emil Radev, PPE, LIBE) agus thángthas ar chomhaontú sealadach maidir leis na forálacha substainteacha oscailte deiridh amhail maoirseacht indéreach san earnáil neamhairgeadais, rochtain ÚSAC ar fhaisnéis, cúraimí an Bhoird Riaracháin Athbhreithnithe, agus saincheisteanna rialachais agus ceapacháin. Ina theannta sin, chomhaontaigh na comhrechtóirí ar an bpróiseas roghnúcháin suíochán

agus ar na módúlachtaí agus an dáta (30 Eanáir) le haghaidh éisteachtaí comhpháirteacha na n-iarratasóirí ar shuíochán ÚSCA. Tugadh sainordú d'fhoirne teicniúla na comhaontuithe a thabhairt chun críche ar an leibhéal teicniúil.

5. Comhad comhpháirteach ECON-LIBE: ÚSAC, an séú cruinniú tríthaobhach (11/12 Nollaig 2023)

An 11 agus 12 Samhain 2023, tionóladh an séú cruinniú tríthaobhach i leith an Rialacháin maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (RSAC) (Comhrapóirtéirí: Eero Heinälouma, S&D, ECON; Damien Carême, *Verts*, LIBE). Phléigh na comhreachtóirí roinnt ábhair oscailte amhail trédhearcacht maidir le húinéireacht tairbhiúil, sainmhínte ar chustaiméirí a bhfuil glanfhíúchas ard acu nó clubanna sacair a chur san áireamh faoi raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid ach níor thángthas ar chomhaontú foriomlán. Tionólfar an chéad chruinniú tríthaobhach eile an 17 Eanáir 2024.

6. Comhad comhpháirteach ECON-LIBE: Cruinniú tríthaobhach RSAC, TSAC agus ÚSAC maidir le forálacha cothrománacha (12 Nollaig 2023)

An 12 Nollaig 2023, tionóladh cruinniú tríthaobhach maidir le forálacha cothrománacha na dtrí chomhad don phacáiste reachtach SAC (RSAC, TSAC, ÚSAC). Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an gcaoi ábhair chothrománacha a chumhdach agus a ailíniú faoi na comhaid éagsúla SAC amhail sárúithe a thuairisciú agus sceithirí a chosaint, smachtbhannaí airgid agus bearta riaracháin, smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe nó comhroinnt faisnéise.

7. Creat Imréitigh EMIR (Rialachán agus Treoir), an chéad chruinniú tríthaobhach (13 Nollaig 2023)

An 13 Nollaig 2023, tionóladh an chéad chruinniú tríthaobhach maidir leis an athbhreithniú ar an bpacáiste Imréitigh faoi Uachtaránacht na Spáinne ar an gComhairle. Rinneadh na sainorduithe caibidlíochta faoi seach a scagadh, rinneadh na pointí polaitiúla a shainaithint, agus tugadh sainordú cuimsitheach don leibhéal teicniúil. Is iad an dá phríomh-mhír pholaitiúla ná oibleagáid a chruthú chun Cuntas Gníomhach a bheith aige, agus ról ESMA sa struchtúr maoirseachta. Is é an cuspóir ginearálta atá ann ná teacht ar chomhaontú polaitiúil lena bhféadfaí an comhad a fhoilsiú fós le linn an téarma seo.

Ullmhaíodh pleanáil na gcruinnithe teicniúla agus na gcruinnithe tríthaobhacha chun an sprioc sin a bhaint amach. Tionólfar an dara cruinniú tríthaobhach an 17 Eanáir.

8. IRRD, an 5ú cruinniú tríthaobhach, an 14 Nollaig 2023

Ag an gcruinniú, an 14 Nollaig 2023, tháinig na comhrechtóirí ar chomhaontú polaitiúil sealadach maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá fós gan réiteach. Bhí an Pharlaimint in ann clásal láidir athbhreithnithe a áirithiú, lena n-áirítear gealltanais chun tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an riachtanas bonnlíne íosta a thabhairt isteach le haghaidh Scéimeanna Ráthaithe Árachais ar fud an Aontais. Ina theannta sin, féadfar dualgais agus cumhachtaí gnóthais idirlinne a shannadh do scéimeanna náisiúnta ráthaíochta árachais atá ann cheana. Bunófar socruithe maoinithe chun sealbhóirí polasaithe árachais agus athárachais a chúiteamh as cailteanas agus chun spleáchas ar chistí poiblí a sheachaint. Rachfar i gcomhairle leis an gCoiste arís laistigh de chúpla seachtain. Beidh ar na Ballstáit an treoir a thrasú 24 mhí tar éis a foilsithe.

9. Pacáiste um Liosú: an dara Cruinniú Tríthaobhach, an 14 Nollaig 2023

Tionóladh an dara cruinniú tríthaobhach maidir leis an pacáiste um liosú an 14 Nollaig.

D'aithin na comhrechtóirí an obair theicniúil a rinneadh ar an Treoir leasaitheach (MIFID) agus ar an Rialachán (Réamheolaire agus MAR) agus tháinig siad ar chomhaontú ina leith. Leanfar den chaibidlíocht idirinstiúideach le hUachtaránacht na Beilge maidir leis an Struchtúr Ilvótaí Scaireanna (MVSS), go háirithe maidir le raon feidhme na treorach agus na gcoimircí atá le cur i bhfeidhm chun leas na scairshealbhóirí nach bhfuil scaireanna MVSS acu a chosaint. Tionólfar an chéad chruinniú tríthaobhach eile an 24 Eanáir.

10. Staidreamh Eorpach - Cruinniú tríthaobhach an 10 Eanáir 2024

An 10 Eanáir 2024, tionóladh an chéad chruinniú tríthaobhach maidir leis an Rialachán Leasaitheach um Staidreamh Eorpach. Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na hábhair seo a leanas, ar tugadh sainordú don leibhéal teicniúil tuilleadh plé a dhéanamh orthu: an fhreagairt staidrimh ar an ngéarchéim, rochtain ar shonraí agus comhroinnt sonraí laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC).

Bhí an chéad mhalartú tuairimí ag na comhreachtóirí freisin maidir le rialachas staidrimh.

Beidh dáta an chéad chruinnithe thríthaobhaigh eile le deimhniú.

10. Leasú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) Uimh. 1092/2010, (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2021/523 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta

ECON/9/13510

***I 2023/0363(COD) COM(2023)0593 – C9-0383/2023

Rapóirtéir:

Othmar Karas (PPE)

PR – PE757.366v01-00

AM – PE757.995v01-00

Freagrach:

ECON

Tuairimí:

BUDG, JURI, AFCO

- Breithniú ar an dréacht-tuarascáil agus ar na leasuithe
- Sprioc-am chun leasuithe a chur síos: **9 Eanáir 2024, 12:00**

Labhair na Irene Tinagli, Othmar Karas, Alfred Sant, Martin Hlaváček.

daoine seo a

leanas:

11. An Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch 2024

ECON/9/11759

2023/2063(INI)

Rapóirtéir:

René Repasi (S&D)

PR – PE757.014v01-00

AM – PE757.857v01-00

Freagrach:

ECON*

Tuairimí:

BUDG*

- Breithniú ar an dréacht-tuarascáil agus ar na leasuithe
- Sprioc-am chun leasuithe a chur síos: **13 Nollaig 2023, 12:00**

Labhair na Irene Tinagli, René Repasi, Othmar Karas, Martin Hlaváček, Eugen

daoine seo a Jurzyca, Enikő Győri.

leanas:

12. Aon ghnó eile Ceannt ar bith

13. Dáta an chéad chruinnithe eile

Deimhnithe: Dé Luain, 22 Eanáir 2024, 15:00-18:30
Dé Máirt, 23 Eanáir 2024, 9:00-12:30

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 11:46

Results of roll-call votes

Contents

1. Amending Directive 2014/59/EU and Regulation (EU) No 806/2014 as regards certain aspects of the minimum requirement for own funds and eligible liabilities, 2023/0113(COD), Jonás Fernández (S&D)	12
1.1. Final vote	12
2. Amending Directive 2013/34/EU as regards the time limits for the adoption of sustainability reporting standards for certain sectors and for certain third-country undertakings, 2023/0368(COD), Jessica Polfjärd (PPE)	13
2.1. Final vote	13

Key to symbols:

+ : in favour

- : against

0 : abstention

1. Amending Directive 2014/59/EU and Regulation (EU) No 806/2014 as regards certain aspects of the minimum requirement for own funds and eligible liabilities, 2023/0113(COD), Jonás Fernández (S&D)

1.1. Final vote

29	+
ID	Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni
NI	Enikő Győri
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Stefan Berger, Markus Ferber, Monika Hohlmeier, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Andreas Schwab
Renew	Gilles Boyer, Engin Eroglu, Georgios Kyrtos, Eva Maria Poptcheva
S&D	Clara Aguilera, Marek Belka, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Dietmar Köster, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Csaba Molnár, René Repasi, Alfred Sant, Paul Tang, Irene Tinagli

3	-
ECR	Michiel Hoogeveen, Dorien Rookmaker
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos

4	0
ID	France Jamet
Verts/ALE	Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Piernicola Pedicini

Corrections to votes and voting intentions	
+	
-	
0	

2. Amending Directive 2013/34/EU as regards the time limits for the adoption of sustainability reporting standards for certain sectors and for certain third-country undertakings, 2023/0368(COD), Jessica Polfjård (PPE)

2.1. Final vote

19	+
ECR	Michiel Hoogeveen, Dorien Rookmaker
ID	France Jamet, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni
NI	Enikő Győri
PPE	Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Markus Ferber, Monika Hohlmeier, Danuta Maria Hübner, Othmar Karas, Aušra Maldeikienė, Lídia Pereira, Andreas Schwab
Renew	Gilles Boyer, Georgios Kyrtzos, Eva Maria Poptcheva

5	-
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos
Renew	Engin Eroglu
Verts/ALE	Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Piernicola Pedicini

12	0
S&D	Clara Aguilera, Marek Belka, Jonás Fernández, Eero Heinäluoma, Dietmar Köster, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Csaba Molnár, René Repasi, Alfred Sant, Paul Tang, Irene Tinagli

Corrections to votes and voting intentions	
+	
-	
0	

**ПРИСЪСТВЕН ЛИСТ/LISTA DE ASISTENCIA/PREZENČNÍ LISTINA/DELTAGERLISTE/
ANWESENHEITSLISTE/KOHALOLIJATE NIMEKIRI/KATAΣΤΑΣΗ ΠΑΡΟΝΤΩΝ/RECORD OF ATTENDANCE/
LISTE DE PRÉSENCE/POPIS NAZOČNIH/ELENCO DI PRESENZA/APMEKLĒJUMU REĢISTRŠ/DALYVIŲ SAŖAŠAS/
JELENLĒTI ĪV/REGISTRU TA' ATTENDENZA/PRESENTIELIJST/LISTA OBECNOŠCI/LISTA DE PRESENÇAS/
LISTĂ DE PREZENȚĂ/PREZENČNÁ LISTINA/SEZNAM NAVZOČIH/LÄSNÄOLOLISTA/NÄRVAROLISTA**

Бюро/Mesa/Předsednictvo/Formandskabet/Vorstand/Juhatus/Προεδρείο/Bureau/Predsjedništvo/Ufficio di presidenza/Prezidijs/ Biuras/Elnökség/Prezidium/Birou/Predsednictvo/Predsedstvo/Puheenjohtajisto/Presidiet (*)
Irene Tinagli, Eva Maria Poptcheva, Michiel Hoogeveen
Членове/Diputados/Poslanci/Medlemmer/Mitglieder/Parlamendiliikmed/Βουλευτές/Members/Députés/Zastupnici/Deputati/Deputāti/ Nariai/Képviselek/Membri/Leden/Posłowie/Deputados/Deputați/Jäsenet/Ledamöter
Anna-Michelle Asimakopoulou, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Gilles Boyer, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Claude Gruffat, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Danuta Maria Hübner, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Georgios Kyrtzos, Aurore Lalucq, Aušra Maldeikienė, Csaba Molnár, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Dimitrios Papadimoulis, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Paul Tang, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni
Заместници/Suplentes/Náhradníci/Stedfortrædere/Stellvertreter/Asendusliikmed/Αναπληρωτές/Substitutes/Suppléants/Zamjenici/ Supplenti/Aizstājēji/Pavaduojantysnariai/Pötagok/Sostituti/Plaatsvervangers/Zastępcy/Membros suplentes/Supleanți/Náhradníci/ Namestniki/Varajäsenet/Suppleanter
Martin Hlaváček, Monika Hohlmeier, Eugen Jurzyca, Margarida Marques, Anđelika Anna Mozdžanowska, Johan Nissinen, René Repasi, Andreas Schwab

209 (7)
Clara Aguilera, Ana Collado Jiménez, Michael Kauch, Dietmar Köster
216 (3)
56 (8) (Точка от дневния ред/Punto del orden del día/Bod pořadu jednání (OJ)/Punkt på dagsordenen/Tagesordnungspunkt/ Päevakorra punkt/Σημείο της ημερήσιας διάταξης/Agenda item/Point OJ/Τοčka dnevnoĝ reda/Punto all'ordine del giorno/Darba kārtības punkts/Darbotvarkēs punktas/Napirendi pont/Punt Agenda/Agendapunt/Punkt porządku dziennego/Ponto OD/Punct de pe ordinea de zi/Bod programu schôdze/Točka UL/Esityslistan kohta/Punkt på föredragningslistan)

Наблюдатели/Observadores/Pozorovatelé/Observatører/Beobachter/Vaatlejad/Παρατηρητές/Observers/Observateurs/Promatrači/Osservatori/Novērotāji/Stebėtojai/Megfigyelők/Osservatori/Waarnemers/Obserwatorzy/Observadores/Observatori/Pozorovatelia/Opazovalci/Tarkkailijat/Observatörer

По покана на председателя/Por invitación del presidente/Na pozvání předsedy/Efter indbydelse fra formanden/Auf Einladung des Vorsitzenden/Εσimehe kutsel/Με πρόσκληση του Προέδρου/At the invitation of the Chair/Sur l'invitation du président/ Na poziv predsjednika/Su invito del presidente/Pēc priekšsēdētāja uzaicinājuma/Pirmininkui pakvietus/Az elnök meghívására/ Fuq stedina tač-'Chairman'/Op uitnodiging van de voorzitter/Na zaproszenie Przewodniczącego/A convite do Presidente/La invitația președintelui/ Na pozvanie predsedu/Na povabilo predsednika/Puheenjohtajan kutsusta/På ordförandens inbjudan

Съвет/Consejo/Rada/Rådet/Rat/Nöukogu/Συμβούλιο/Council/Conseil/Vijeće/Consiglio/Padome/Taryba/Tanács/Kunsill/Raad/Conselho/Consiliu/Svet/Neuvosto/Rådet (*)
Комисия/Comisión/Komise/Kommissionen/Kommission/Komisjon/Επιτροπή/Commission/Komisija/Commissione/Bizottság/Kummissjoni/Commissie/Komisja/Comissão/Comisie/Komisja/Komissio/Kommissionen (*)
Други институции и органи/Otras instituciones y organismos/Ostatní orgány a instituce/Andre institutioner og organer/Andere Organe und Einrichtungen/Muud institutsioonid ja organid/Λοιπά θεσμικά όργανα και οργανισμοί/Other institutions and bodies/Autres institutions et organes/Druge institucije i tijela/Altre istituzioni e altri organi/Citas iestādes un struktūras/Kitos institucijos ir įstaigos/Más intézmények és szervek/Istituzzjonijiet u korpi ohra/Andere instellingen en organen/Inne instytucje i organy/Outras instituições e outros órgãos/Alte instituții și organe/Iné inštitúcie a orgány/Muut toimielimet ja elimet/Andra institutioner och organ

Други учасници/Otros participantes/Ostatní účastníci/Endvidere deltog/Andere Teilnehmer/Muud osalejad/Επίσης παρόντες/Other participants/Autres participants/Dруги sudionici/Altri partecipanti/Citi klātesošie/Kiti dalyviai/Más résztvevők/Partecipanti ohra/Andere aanwezigen/Inni uczestnicy/Outros participantes/Alți participanți/Ini účastníci/Dруги udeleženci/Muut osallistujat/Övriga deltagare

Секретариат на политическите групи/Secretaría de los Grupos políticos/Sekretariát politických skupin/Gruppenes sekretariat/Sekretariat der Fraktionen/Fraktsioonide sekretariaat/Γραμματεία των Πολιτικών Ομάδων/Secretariats of political groups/Secrétariat des groupes politiques/Tajništva klubova zastupnika/Segreteria gruppi politici/Politisko grupu sekretariāts/Frakciju sekretoriai/Képviseletcsoportok titkársága/Sekretarjat gruppi poliitiçi/Fractiesecretariaten/Sekretariat Grup Politycznych/Secretariado dos grupos políticos/Secretariate grupuri politice/Sekretariát politických skupin/Sekretariat političnih skupin/Poliittisten ryhmién sihteeristö/De politiska gruppernas sekretariat	
PPE	Jose Botella, Eriks Dauksts, Gerrit Schlomach, Magdalena Rymkiewicz
S&D	
Renew	Arman Basurto
Verts/ALE	
ECR	Luc Roctus
ID	
The Left	
NI	

Кабинет на председателя/Gabinete del Presidente/Kancelář předsedy/Formandens Kabinet/Kabinett des Präsidenten/Presidendi kantselei/Γραφείο του Προέδρου/President's Office/Cabinet du Président/Ured predsjednika/Gabinetto del Presidente/Priekšsēdētāja kabinets/Pirmininko kabinetas/Elnöki hivatal/Kabinett tal-President/Kabinet van de Voorzitter/Gabinet Przewodniczącego/Gabinete do Presidente/Cabinet Preşedinte/Kancelária predsedu/Urad predsednika/Puhemiehen kabinetti/Talmannens kansli	
Кабинет на генералния секретар/Gabinete del Secretario General/Kancelář generálního tajemníka/Generalsekretærens Kabinet/Kabinett des Generalsekretärs/Peasekretäri büroo/Γραφείο του Γενικού Γραμματέα/Secretary-General's Office/Cabinet du secrétaire général/Ured glavnog tajnika/Gabinetto del Segretario generale/Ġeneralsekretāra kabinets/Generalinio sekretoriaus kabinetas/Főtitkári hivatal/Kabinett tas-Segretarju Ġenerali/Kabinet van de secretaris-generaal/Gabinet Sekretarza Generalnego/Gabinete do Secretário-Geral/Cabinet Secretar General/Kancelária generálneho tajomníka/Urad generalnega sekretarja/Pääsihteerin kabinetti/Generalsekreterarens kansli	
Генерална дирекция/Dirección General/Generální ředitelství/Generaldirektorat/Generaldirektion/Peadirektoraat/Γενική Διεύθυνση/Directorate-General/Direction générale/Glavna uprava/Direzione generale/Ġenerāldirektorāts/Generalinis direktoratas/Főigazgatóság/Direttorat Generali/Direktoraten-generaal/Dyrekcja Generalna/Direção-Geral/Direcții Generale/Generálne riaditeľstvo/Generalni direktorat/Pääosasto/Generaldirektorat	
DG PRES	
DG IPOL	
DG EXPO	
DG EPRS	
DG COMM	
DG PART	
DG PERS	
DG INLO	
DG TRAD	
DG LINC	
DG FINS	
DG ITEC	
DG SAFE	

Правна служба/Servicio Jurídico/Právní služba/Juridisk Tjeneste/Juristischer Dienst/Óigusteenistus/Νομική Υπηρεσία/Legal Service/ Service juridique/Pravna služba/Servizio giuridico/Juridiskais dienests/Teisės tarnyba/Jogi szolgálat/Servizz legali/Juridische Dienst/ Wydział prawny/Serviço Jurídico/Serviciu Juridic/Právný servis/Oikeudellinen yksikkö/Rättstjänsten
Секретариат на комисията/Secretaría de la comisión/Sekretariát výboru/Udvalgssekretariatet/Ausschusssekretariat/Komisjoni sekretariaat/Γραμματεία της επιτροπής/Committee secretariat/Secrétariat de la commission/Tajništvo odbora/Segreteria della commissione/Komitejas sekretariāts/Komiteto sekretoriatas/A bizottság titkársága/Sekretarjat tal-kumitat/Commissiesecretariaat/ Sekretariat komisji/Secretariado da comissão/Sekretariat comisie/Sekretariat odbora/Valiokunnan sihteeristö/Utskottssekretariatet
Claudia Lindemann, Georgia Antonarou
Сътрудник/Asistente/Asistent/Assistent/Assistenz/Βοηθός/Assistant/Assistente/Palīgs/Padējējas/Asszisztens/Asyistent/Pomočnik/ Avustaja/Assistenten
Brendan Dignam, Urszula Baranik, Yoanna Andreeva

- * (P) = Председател/Presidente/Předseda/Formand/Vorsitzender/Esimees/Πρόεδρος/Chair/Président/Predsjednik/Priekšsēdētājs/
 Pirminikas/Elnök/Chairman/Voorzitter/Przewodniczący/Preşedinte/Predseda/Predsednik/Puheenjohtaja/Ordförande
- (VP) = Заместник-председател/Vicepresidente/Místopředseda/Næstformand/Stellvertretender Vorsitzender/Aseesimees/Αντιπρόεδρος/
 Vice-Chair/Potpredsjednik/Vice-Président/Potpredsjednik/Priekšsēdētāja vietnieks/Pirminiko pavaduotojas/Alelnök/ Vīci
 'Chairman'/Ondervoorzitter/Wiceprzewodniczący/Vice-Presidente/Vicepreşedinte/Podpredseda/Podpredsednik/
 Varapuheenjohtaja/Vice ordförande
- (M) = Член/Miembro/Člen/Medlem/Mitglied/Parlamendiliige/Βουλευτής/Member/Membre/Član/Membro/Deputāts/Narys/Képvisező/
 Membru/Lid/Członek/Membro/Membru/Člen/Poslanec/Jäsen/Ledamot
- (F) = Длъжностно лице/Funcionario/Úředník/Tjenestemand/Beamter/Ametnik/Υπάλληλος/Official/Fonctionnaire/Dužnosnik/
 Funzionario/Ierēdnis/Pareigūnas/Tisztviselő/Ufficial/Ambtenaar/UrządNIK/Funcionário/Funcionar/Úradník/Urädnik/Virkamies/
 Tjänsteman